CINNEADH (CBES) 2020/1136 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Iúil 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/849 ([1]) maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 36(2) de Chinneadh (CBES) 2016/849, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní II, III, V agus VI a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Is é conclúid na Comhairle gur cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine agus gach eintitis atá sna liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 a choimeád ar bun, gur cheart an ráiteas ar na cúiseanna atá leis an 19 nduine agus an fhaisnéis aitheantais don chúigear agus don dá eintiteas a nuashonrú agus gur cheart inscne na ndaoine nádúrtha ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur san áireamh san fhaisnéis aitheantais.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/849 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Iúil 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

(1) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849, Cuid I(A) ("Daoine"), cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 go 27:

	Ainm	Ailias	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Ráiteas ar chúiseanna
"1.	CHON Chi Bu	CHON Chi-bu	Inscne: fireann	22.12.2009	Comhalta den General Bureau of Atomic Energy, iarstiúrthóir teicniúil Yongbyon. Le cabhair ó ghrianghraif, rinneadh nasc idir é agus imoibreoir núicléach sa tSiria sular bhuamáil Iosrael é in 2007.
2.	HYON Chol-hae	HYON Chol Hae	Dáta breithe: 13.8.1934 Áit bhreithe: Manchuria, an tSín Inscne: fireann	22.12.2009	Marascal sa Korean People's Army ó Aibreán 2016 i leith. Iar-Leas-Aire ar an People's Armed Forces, iar-Leas-Stiúrthóir ar an General Political Department of the Korean People's Army (comhairleoir míleata Kim Jong-Il nach maireann). Toghadh mar chomhalta den Workers' Party of Korea Central Committee é i mí na Bealtaine 2016 ag an seachtú Comhdháil den Workers' Party of Korea, áit ar ghlac WPK cinneadh leanúint de chlár núicléach DPDC.
3.	O Kuk-Ryol	O Kuk Ryol	Dáta breithe: 7.1.1930 Áit bhreithe: Cúige Jilin, an tSín. Inscne: fireann	22.12.2009	Iar-Leas-Chathaoirleach den National Defence Commission, a bhí ina chomhlacht lárnach do chúrsaí cosanta náisiúnta DPDC sular athchóiríodh é ina State Affairs Commission (SAC), a rinne maoirseacht ar ardteicneolaíocht a fháil ó thíortha thar lear do chláir núicléacha agus bhalaistíocha. Iar-chomhalta den Workers' Party of Korea Central Committee a toghadh i mí na Bealtaine 2016 ag an seachtú Comhdháil den Workers' Party of Korea, áit ar ghlac WPK cinneadh leanúint de chlár núicléach DPDC.
4.	PAK Jae-gyong	Chae-Kyong PAK Jae Gyong	Dáta breithe: 10.6.1933 Uimhir an phas: 554410661 Inscne: fireann	22.12.2009	Ginearál sa Korean People's Army. Iar-Leas-Stiúrthóir an General Political Department den People's Armed Forces agus iar-Leas-Stiúrthóir an Logistics Bureau of the People's Armed Forces (comhairleoir míleata Kim Jong-Il nach maireann). I láthair ag iniúchadh KIM Jong Un ar an Strategic Rocket Force Command. Iarchomhalta den Central Committee of the Workers' Party of Korea. Uachtarán ar an Korean Committee of Veterans against Imperialism.
5.	RYOM Yong		Inscne: fireann	22.12.2009	Stiúrthóir an General Bureau of Atomic Energy (eintiteas arna ainmniú ag na Náisiúin Aontaithe), i gceannas ar chaidreamh idirnáisiúnta.

6.	SO Sang-kuk	SO Sang Kuk	Dáta breithe: idir 1932 agus 1938 Inscne: fireann	22.12.2009	Ceann ar an Department of Nuclear Physics, Ollscoil Kim Il Sung.
7.	Leifteanant-Ghinearál KIM Yong Chol	KIM Yong-Chol; KIM Young-Chol; KIM Young-Cheol; KIM Young-Chul	Dáta breithe: 1946 Áit bhreithe: Pyongan-Pukto, DPDC Inscne: fireann	19.12.2011	Comhalta den Workers' Party of Korea Central Military Commission, den Politburo agus den State Affairs Commission den DPDC. Iarcheannasaí ar an Reconnaissance General Bureau (RGB), eintiteas arna cheadú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Iar-Stiúrthóir ar an United Front Department.
8.	CHOE Kyong-song	CHOE Kyong song	Dáta breithe: 1945 Inscne: fireann	20.5.2016	Cornal Ginearál sa Korean People's Army. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é i gcúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
9.	CHOE Yong-ho	CHOE Yong Ho	Inscne: fireann	20.5.2016	Cornal Ginearálta sa Korean People's Army/Ginearál sa Korean People's Army Air Force. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é i gcúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ceannasaí ar an Korean People's Army Air Force agus an Anti-aircraft force. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
10.	HONG Sung-Mu	HUNG Sun Mu; HONG Sung Mu	Dáta breithe: 1.1.1942 Inscne: fireann	20.5.2016	Leas-stiúrthóir ar an Munitions Industry Department (MID). I gceannas ar fhorbairt clár a bhaineann le gnáthairm agus gnáthdhiúracáin, lena n-áirítear diúracáin bhalaistíocha. Ceann de na daoine is mó atá freagrach as na cláir forbartha tionscail le haghaidh arm núicléach. Ina cháil sa ról sin, freagrach as cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile. A chonaic an diúracán balaistíoch idir-ilchríochach Hwasong-15 á sheoladh an 28 Samhain 2017.
11.	JO Kyongchol	JO Kyong Chol	Inscne: fireann	20.5.2016	Ginearál sa Korean People's Army. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Stiúrthóir ar an Military Security Command. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. I dteannta Kim Jong Un don druil dóiteáin airtléire fadraoin is mó riamh.

12.	KIM Chun-sam	KIM Chun Sam	Inscne: fireann	20.5.2016	Leifteanant-Ghinearál, iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Iar-Stiúrthóir ar Operations Department of the Military Headquarters of the Korean People's Army agus an chéad leas-cheannaire ar an gCeanncheathrú Mhíleata. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
13.	KIM Chun-sop	KIM Chun Sop	Inscne: fireann	20.5.2016	Iar-Stiúrthóir ar an Munitions Industry Department (MID). Iarchomhalta den National Defence Commission, atá athchóirithe anois ina State Affairs Commission (SAC), ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. Ag seisiún grianghraf dóibh siúd a rannchuidigh le tástáil rathúil diúracáin bhailistíoch a lainseáladh faoi uisce i mí Bealtaine 2015.
14.	KIM Jong-gak	KIM Jong Gak	Dáta breithe: 20.7.1941 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Inscne: fireann	20.5.2016	Iar-Stiúrthóir ar an General Political Department of the Korean's People's Army. Leas-Mharascal sa Korean People's Army, reachtaire an Military University of Kim Il-Sung, iar-Aire People's Armed Forces agus iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
15.	KIM Rak Kyom	KIM Rak-gyom; KIM Rak Gyom	Inscne: fireann	20.5.2016	Ginearál Ceithre Réalta, Ceannasaí an Strategic Rocket Force, eintiteas a d'ainmnigh na Náisiúin Aontaithe, a thuairiscítear go bhfuil siad i gceannas anois ar cheithre aonad diúracán straitéiseacha agus oirbheartaíochta, lena n-áirítear an bhriogáid KN-08 (ICBM). Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Sainaithníodh i dtuarascálacha na meán go raibh KIM i láthair ag an tástáil innill ICBM i mí Aibreáin 2016 le KIM Jong Un. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. Druil lámhaigh roicéid bhalaistíoch ordaithe.

16.	KIM Won-hong	KIM Won Hong	Dáta breithe: 7.1.1945 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Uimhir an phas: 745310010 Inscne: fireann	20.5.2016	Ginearál. Iar-Chéad-Leas-Stiúrthóir ar an General Political Department of the Korean's People's Army. Iar-Stiúrthóir ar an State Security Department. Iar-Aire Slándála Stáit. Comhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea agus den National Defence Commission a bhí ina chomhlacht lárnach do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC sula ndearnadh é a athchóiriú mar an State Affairs Commission (SAC), arb iad na comhlachtaí lárnacha do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
17.	PAK Jong-chon	PAK Jong Chon	Inscne: fireann	20.5.2016	Ginearál sa Korean People's Army, Ceannaire ar an bhFoireann Ghinearálta ó mhí Aibreáin 2019; comhalta den Politburo ó mhí Aibreáin 2020 i leith. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
18.	LI Yong-ju	RI Yong Ju	Inscne: fireann	20.5.2016	Aimiréal an Korean People's Army. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ardcheannasaí ar an Korean People's Navy, atá rannpháirteach i bhforbairt clár diúracán bailistíoch agus i bhforbairt acmhainneachtaí núicléacha fhórsaí cabhlaigh DPDC. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
19.	SON Chol-ju	SON Chol Ju	Inscne: fireann	20.5.2016	Ginearál sa Korean People's Army. Leas-Stiúrthóir atá freagrach as an Korea People's Army a eagrú agus iar-Stiúrthóir Polaitiúil ar an Air and Anti-Air forces, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt roicéad frith-aerárthaigh nuachóirithe. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.

20.	YUN Jong-rin	YUN Jong Rin	Inscne: fireann	20.5.2016	Ginearál, iarcheannasaí ar an Supreme Guard Command. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea agus comhalta den National Defence Commission, a bhí ina chomhlacht lárnach do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC sula ndearnadh é a athchóiriú mar an State Affairs Commission (SAC), ar comhlachtaí lárnacha iad go léir do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
21.	HONG Yong Chil		Inscne: fireann	20.5.2016	Leas-Stiúrthóir ar an Munitions Industry Department (MID). Tá an Munitions Industry Department — a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2016 — rannpháirteach i ngnéithe lárnacha de chlár diúracán DPDC. Tá MID freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt dhiúracáin bhailistíocha DPDC, lena n-áirítear an Taepo Dong-2, táirgeadh arm agus cláir T&F. Tá an Second Economic Committee agus an Second Academy of Natural Sciences — a ainmníodh freisin i mí Lúnasa 2010 – faoi réir MID. Tá obair déanta ag MID le blianta beaga anuas chun ICBM bóthair KN08 a fhorbairt. Bhí HONG i dteannta KIM Jong Un ag roinnt imeachtaí a bhain le cláir diúracán núicléach agus bailistíoch DPDC a fhorbairt agus meastar go raibh ról suntasach aige i dtástáil núicléach DPDC an 6 Eanáir 2016. Leas-Stiúrthóir ar Workers' Party of Korea Central Committee. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. I láthair ag tástáil talún ar inneall ICBM de chineál nua i mí Aibreáin 2016.
22.	RI Hak Chol	RI Hak Chul; RI Hak Cheol	Dáta breithe: 19.1.1963 nó 8.5.1966 Uimhreacha na bpasanna: 381320634, PS- 563410163 Inscne: fireann	20.5.2016	Uachtarán ar Green Pine Associated Corporation ('Green Pine'). De réir an UN Sanctions Committee, ghabh Green Pine chuige féin roinnt mhaith de ghníomhaíochtaí an Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID). D'ainmnigh an Coiste KOMID i mí Aibreáin 2009 agus is é príomhdhéileálaí arm DPDC agus príomhonnmhaireoir earraí agus trealaimh a bhaineann le diúracáin bhailistíocha agus le hairm thraidisiúnta. Tá Green Pine freagrach freisin as tuairim is leath na n-arm agus na n-ábhar gaolmhar arna n-onnmhairiú ag DPDC. Sainaithníodh Green Pine le haghaidh smachtbhannaí as ucht airm nó ábhar gaolmhar a onnmhairiú ó DPDC. Is speisialtóireacht de chuid Green Pine é árthach agus armálacha míleata muirí, amhail fomhuireáin, báid mhíleata agus córais diúracán, a tháirgeadh agus d'onnmhairigh sé toirpéid chuig comhlachtaí san Iaráin a bhfuil baint acu le cúrsaí cosanta agus thug sé agus cúnamh teicniúil dóibh. Green Pine ainmnithe ag CSNA.

23.	YUN Chang Hyok		Dáta breithe: 9.8.1965 Inscne: fireann	20.5.2016	Leas-Stiúrthóir ar an Satellite Control Centre, National Aerospace Development Administration (NADA). Tá NADA faoi réir smachtbhannaí faoi Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ndáil le bheith rannpháirteach i bhforbairt na spáseolaíochta agus na spásteicneolaíochta, lena n-áirítear lainseálacha satailíte agus roicéid iompróra. Le Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe cáineadh lainseáil satailíte DPDC an 7 Feabhra 2016 as teicneolaíocht diúracán balaistíoch a úsáid agus sárú tromhchúiseach a dhéanamh ar Rúin 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013) agus 2094 (2013). Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
24.	RI Myong Su		Dáta breithe: 1937 Áit bhreithe: Myongchon, North Hamgyong, DPDC Inscne: fireann	7.4.2017	Leas-Mharascal sa Korean People's Army, an chéad leascheannasaí ar an KPA Supreme Command. Go dtí 2018, comhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea agus Ceann Foirne an People's Armed Forces. Tá tionchar ag Ri Myong Su i gcónaí i ndáil le cúrsaí cosanta náisiúnta, lena n-áirítear cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile. Is comhalta é Ri le fada den Supreme People's Assembly (SPA); an 14ú ceann faoi láthair.
25.	SO Hong Chan		Dáta breithe: 30.12.1957 Áit bhreithe: Kangwon, DPDC Pas: PD836410105 Dáta éaga an phas: 27.11.2021 Inscne: fireann	7.4.2017	An Chéad Leas-Aire agus Stiúrthóir ar an Logistics Bureau of the People's Armed Forces, comhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea agus Ginearál sa People's Armed Forces. Sa cháil sin, tá So Hong Chan freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
26.	WANG Chang Uk		Dáta breithe: 29.5.1960 Inscne: fireann	7.4.2017	Aire Tionscail agus Fuinnimh Adamhaigh. Sa cháil sin, tá Wang Chang Uk freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.
27.	JANG Chol		Dáta breithe: 31.3.1961 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Uimhir an phas: 563310042 Inscne: fireann	7.4.2017	Iar-uachtarán ar State Academy of Sciences, eagraíocht atá tiomanta d'acmhainneachtaí teicneolaíocha agus eolaíocha DPDC a fhorbairt. Sa cháil sin, bhí ról straitéiseach ag Jang Chol maidir le gníomhaíochtaí núicléacha DPDC a fhorbairt. Ina cháil sa ról sin, freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó na cláir sin a chur chun cinn.".

(2) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849, Cuid I (B) ("Eintitis"), cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 2:

	Ainm	Ailias	Suíomh	Dáta ainmniúcháin	Faisnéis eile
"2.	Korean Ryengwang Trading Corporation	KOREA RYONG-WANG TRADING CORPORATION	Rakwon-dong, Ceantar Pothonggang, Pyongyang, DPDC	22.12.2009	Fochuideachta de Korea Ryongbong General Corporation (eintiteas arna ainmniú ag CSNA, 24.4.2009).".

(3) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849, Cuid II (A) ("Daoine") cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 go 6:

	Ainm	Ailias	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Ráiteas ar chúiseanna
"1.	JON Il-Chun	JON Il Chun	Dáta breithe: 24.8.1941 Inscne: fireann	22.12.2010	I mí Feabhra 2010 briseadh KIM Tong-un as a phost mar stiúrthóir ar 'Office 39' atá, i measc nithe eile, i gceannas ar earraí a cheannach trí ionadaíochtaí taidhleoireachta DPDC chun na smachtbhannaí a sheachaint. Tháinig JON Il-chun i gcomharbacht air. Ionadaí ar an National Defence Commission, a bhí ina chomhlacht lárnach do chúrsaí cosanta náisiúnta i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré sular athchóiríodh é ina State Affairs Commission (SAC), toghadh é ina ard-stiúrthóir ar an State Development Bank i Márta 2010. Toghadh mar chomhalta malartach den Workers' Party of Korea Central Committee é i mí na Bealtaine 2016 ag an seachtú Comhdháil de Workers' Party of Korea, áit ar ghlac WPK cinneadh leanúint de chlár núicléach DPDC.
2.	KIM Tong-un	KIM Tong Un	Inscne: fireann	22.12.2009	Iar-stiúrthóir ar 'Oifig 39' den Central Committee of the Workers' Party of Korea, coiste a bhfuil baint aige le maoiniú iomadaithe. In 2011, tuairiscíodh go raibh sé i gceannas ar 'Office 38' chun cistí a thiomsú le haghaidh na ceannaireachta agus na scothaicmí.
3.	KIM Yong Nam	KIM Yong-Nam, KIM Young-Nam, KIM Yong-Gon	Dáta breithe: 2.12.1947 Áit bhreithe: Sinuju, DPDC Inscne: fireann	20.4.2018	Tá KIM Yong Nam sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe mar ghníomhaire de chuid Reconnaissance General Bureau, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe. Tá sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe go bhfuil baint aige agus ag a mhac KIM Su Gwang le patrún de chleachtais mhíthreoracha airgeadais a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile. Tá roinnt cuntas reatha agus taisce oscailte ag KIM Yong Nam san Aontas agus bhí baint aige le roinnt aistrithe móra bainc chuig cuntais bainc san Aontas nó chuig cuntais lasmuigh den Aontas le linn dó a bheith ag obair mar thaidhleoir, lena n_áirítear chuig cuntais in ainm a mhic KIM Su Gwang agus in ainm a bhanchliamhain KIM Kyong Hui.

4.	DJANG Tcheul Hy	JANG Tcheul-hy, JANG Cheul-hy, JANG Chol-hy, DJANG Cheul-hy, DJANG Chol-hy, DJANG Tchoul-hy, KIM Tcheul-hy	Dáta breithe: 11.5.1950 Áit bhreithe: Kangwon Inscne: baineann	20.4.2018	Bhí baint ag DJANG Tcheul Hy, in éineacht lena fear céile KIM Yong Nam agus lena mac KIM Su Gwang agus lena banchliamhain KIM Kyong Hui, le patrún de chleachtais mhíthreoracha airgeadais a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile. Bhí roinnt cuntas bainc aici san Aontas a d'oscail a mac KIM Su Gwang ina hainm. Bhí baint aici freisin le roinnt aistrithe bainc ó chuntais a bhanchliamhain KIM Kyong Hui chuig cuntais lasmuigh den Aontas.
5.	KIM Su Gwang	KIM Sou-Kwang, KIM Sou-Gwang, KIM Son-Kwang, KIM Su-Kwang, KIM Souk-wang, KIM Su-gwang, KIM Son-gwang	Dáta breithe: 18.8.1976 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Taidhleoir, Ambasáid DPDC, an Bhealarúis Inscne: fireann	20.4.2018	Tá KIM Su Gwang sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe mar ghníomhaire de chuid an Reconnaissance General Bureau, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe. Tá sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe go bhfuil baint aige agus ag a athair KIM Yong Nam le patrún de chleachtais mhíthreoracha airgeadais a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile. Tá roinnt cuntas bainc oscailte ag KIM Su Gwang i roinnt Ballstát, lena n-áirítear faoi ainmneacha ball teaghlaigh. Bhí baint aige le roinnt aistrithe móra bainc chuig cuntais bainc san Aontas nó chuig cuntais lasmuigh den Aontas agus é ag obair mar thaidhleoir, lena n-áirítear chuig cuntais in ainm a chéile KIM Kyong Hui.
6.	KIM Kyong Hui		Dáta breithe: 6.5.1981 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Inscne: baineann	20.4.2018	Bhí baint ag KIM Kyong Hui, in éineacht lena fear céile KIM Su Gwang, lena hathair céile KIM Yong Nam agus lena máthair chéile DJANG Tcheul Hy, le patrún de chleachtais mhíthreoracha airgeadais a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile. Fuair sí roinnt aistrithe bainc óna fear céile KIM Su Gwang agus óna athair céile KIM Yong Nam agus d'aistrigh sí airgead chuig cuntais lasmuigh den Aontas ina hainm nó in ainm a máthar chéile, DJANG Tcheul Hy.".

(4) In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 Cuid (A) ("Daoine") cuirtear an méid seo a leanas in ionad, iontrálacha 4 agus 24:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
"4.	JON Chol Young ar a dtugtar freisin: JON Chol Yong	Uimhir an phas: 563410192 Taidhleoir Ambasáid DPDC, Angóla Dáta breithe: 30.4.1975	22.1.2018	Iarionadaí ar Green Pine Associated Corporation in Angóla agus taidhleoir DPDC atá creidiúnaithe chuig Angóla. Tá Green Pine ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí lena n-áirítear sárú ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe. Rinne Green Pine conarthaí a chaibidil freisin chun soithí cabhlaigh Angóla a athchóiriú de shárú ar na toirmisc a forchuireadh le Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
24.	SO Tong Myong	Dáta breithe: 10.9.1956	3.7.2015	Iar-uachtarán ar Korean National Insurance Corporation (KNIC), iar-Chathaoirleach ar an KNIC Executive Management Committee (Meitheamh 2012); iar-Bhainisteoir Ginearálta ar Korean National Insurance Corporation, Meán Fómhair 2013, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir.".

(5) In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849, Cuid (B) ("Eintitis"), cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 4:

	Ainm (agus ailiasanna féideartha)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
"4.	Pan Systems Pyongyang ar a dtugtar freisin Wonbang Trading Co.; Glocom; International Golden Services; International Global System	Seoladh: Seomra 818, Pothonggang Hotel, Ansan-Dong, ceantar Pyongchon, Pyongyang, DPDC.	16.10.2017	Tá cúnamh tugtha ag Pan Systems chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau freisin, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiún Aontaithe agus oibríonn sé thar a cheann,.".